Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2021
(OR. en)

8237/21

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0097(COD)**

CODEC 609
PROCIV 40
JAI 456
COHAFA 41
FIN 321
CADREFIN 208

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 2 Meitheamh 2020, chuir an Coimisiún a thogra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 196 agus 322(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 29 Deireadh Fómhair 2020[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 14 Deireadh Fómhair 2020[3].

4. Thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim uaithi an 28 Meán Fómhair 2020[4].

5. An 27 Aibreán 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

---

[1] 8330/20.
[2] IO C 10, 11.1.2021, lch. 66–66.
[3] IO C 440, 18.12.2020, lch. 150-159.
[4] IO C 385, 13.11.2020, lgh. 1–9
[5] 8196/21.

6. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 6/21 é, a fhormheas mar mhír "A" ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

7. Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh 2021/454[6] ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Cinneadh thuasluaite a ghlacadh más rud é, de bharr na n-imthosca a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle roimh an 12 Bealtaine 2021.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[6] Cinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena síntear a thuilleadh an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253, (AE) 2020/1659 agus (AE) 2021/26, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.3.2021, lgh. 15-16).